# Ceartas uisce



## Ordú Seirbhíse d'Am an Chruthaithe

### Cúlra

'Ach go rithe an fhíréantacht mar uisce
agus an t-ionracas mar shruth gan dísc!' Amós 5.24

Táimid ag maireachtáil ar domhan anois a bhfuil roinnt de na huiscebhealaí a rith riamh tar éis dísciú, agus nach rithfidh riamh arís mura n-athrófar an tslí a mbímid ag plé le huisce. Is sa chomhthéacs éagórach sin a thugann an tserbhís seo cuireadh do chách adhradh a thabhairt do Dhia an cheartais. Beifear ag súil go ndéanfar an ceartas sin a leathadh ina shruth ar cheist an uisce, agus go mbogfaidh farraige na fíréantachta éiceolaíche go huachtar cladaigh ár gcroí.

Ba é an Student Christian Movement India (SCMI) a d'ullmhaigh an tseirbhís seo, agus, ba é an Ecumenical Water Network (EWN) a d'fhoilsigh é an chéad uair.

Léiríonn gníomhaíocht an chiúbuisce fhíorúil cé mhéad uisce a bhíonn ag teastáil chun na cinéalacha éagsúla bia a ithimid go rialta a ullmhú. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do dhaoine taithí a fháil ar an ngníomhaíocht sin i rith na seirbhíse féin, nó d'fhéadfaí é a fhágáil ar leataobh i gcomhair imeachta éigin eile. Tá eolas agus treoracha ar fáil ag: www.ctbi.org.uk/ctresources

churches together
IN BRITAIN AND IRELAND

## Glaoch chun adhartha

A dheartháireacha agus a dheirfiúracha,
tagaimid le chéile in aon áit amháin,
díreach mar a bheadh scata aibhneacha,
le hadhradh a thabhairt do Dhia,
foinse uisce na beatha.

Agus sinn ag adhradh Dé san fhírinne agus sa Spiorad,
guímid go raibh ár gcroí ag cur thar maoil le moladh,
agus go nglana grás agus maithiúnas Dé sinn,
mar a bheadh uiscí íonúcháin.

Geallann Íosa Críost uiscí na beatha a thabhairt dúinn tríd an aiséirí;
go ndéana sé athbhrí agus athnuachan orainn leis an uisce céanna.

## Paidir adhartha agus altaithe

Le croíthe ag tonnadh le teann molaidh do Dhia, foinse na huile mhaitheasa,
Dia na farraige doimhne agus na glaise bige,
molaimid tú, agus adhraimid tú as tabhartas an uisce a chuireann anam sna nithe go léir.
I rith tréimhse seo an adhartha, cuimhnímid le buíochas ar shamplaí flúirseach do chuid grásta lenar bhronn tú tabhartas an uisce orainn.

**Ceannaire** Cuimhnímid ar uiscí Mhasá agus Mhiríbeá agus
**Cách** **tugaimid moladh agus buíochas duit óir is tusa Dia sholáthar an ghrásta.**

**Ceannaire** Cuimhnímid ar uiscí cneasaithe Linn Siolóam agus
**Cách** **tugaimid moladh agus buíochas duit óir is tusa Dia na hatrua gan trá.**

**Ceannaire** Cuimhnímid ar an mbaisteadh in uiscí abhainn na Iordáine agus
**Cách** **tugaimid moladh agus buíochas duit óir is tusa Dia an bhunathraithe chun feabhais**

**Ceannaire** Inniu a adhraimid tú, a Dhia an tsoláthair, na hatrua, agus an bhunathraithe.

**Cách** **Go gcuire an t-adhradh seo ar ár gcumas a bheith inár fhreagracha ar an soláthar a dhéanann tú, inár ngníomhairí bunathraithe, mar a bheadh cuisle d'atrua.**

**Iomann** Ar nós *Morning has broken*

**Paidir na faoistine**

**Ceannaire** a Dhia, bunfhoinse na beatha, a raibh a Spiorad ar foluain os cionn na n-uiscí agus an domhan á chruthú; a Dhia in Íosa Críost, a tháinig mar a bheadh uisce leis an anam tartmhar a shásamh;
A Dhia, a Spioraid Naomh, a uiscíonn torthaí agus a thugann ar an saol iad;
tagaimid i do láthair le faoistin a dhéanamh ar ár ndearcadh santach agus ar ár mursantacht mhíhthuisceanach i leith iontas do chruthaithe agus i leith uisce na beatha ach go háirithe.

**Cách** **Go rithe an ceartas mar a bheadh abhainn, agus go rithe an abhainn mar is ceart.**

**Ceannaire** Admhaímid go bhfuilimid tar éis a bheith freagrach san úsáid a bhainimid as an uisce, á chur amú chun ár saol compordach a shásamh. In an-chuid áiteanna táimid tar éis tráchtearra a dhéanamh den uisce, arb acmhainn nadúrtha í, agus tá cosc curtha ar dhaoine rochtain a fháil air. Tá truailliú déanta ar fhoinsí uisce, agus tá dísciú déanta ar a thuilleadh acu, agus cuireann sé seo flóra agus fána i mbaol, díreach ar mhaithe le tograí forbartha.

**Cách** **Go rithe an ceartas mar a bheadh abhainn, agus go rithe an abhainn mar is ceart.**

**Ceannaire** Aithnímid go bhfuil easpa comhoibrithe idir na húdaráis agus na heagraíochtaí ar cheist an bhainistithe uisce. Admhaímid go bhfuil teipte orainn go dtí seo dul i ngleic le ceist an cheartais uisce, agus nár labhramar ar son na n-íotach agus na mbásachán a d'fhulaing triomaigh. Lorgaímid maithiúnas as seo go léir.

**Cách** **Go rithe an ceartas mar a bheadh abhainn, agus go rithe an abhainn mar is ceart.**

**Ceannaire** Amhaímid go mbímid ag seasamh siar ó Dhailitigh na India agus ó phobail ghoilliúnacha eile a mbíonn orthu na mílte a shiúl gach aon lá ar tóir uisce i gcomhair a dteaghlach, agus gur cheart dúinn teacht i gcabhair orthu ina ionad.
Tá aithreachas orainn mar gheall ar thráchtearrú an uisce, arbh é an toradh atá air ná truailliú agus laghdú an tsoláthair uisce. Tagaimid i do láthair agus náire orainn mar gheall ar an bhfuarchúis agus ar an mímhacántacht atá léirithe againn sa mí-leas atá bainte againn as uisce agus as acmhainní nadúrtha eile. Tagaimid i do láthair agus achainí againn ort sinn a spreagadh le huisce a chaomhnú, agus a úsáid go stuama.

**Cách** **Go rithe an ceartas mar a bheadh abhainn, agus go rithe an abhainn mar is ceart.**

## Maithiúnas

**Cách** **a Dhia a bhain uisce de chloch,**
**a Dhia a shásaigh tart na n-anamacha san fhásach,**
**a Dhia a sheol chughainn uisce na beatha trí Íosa Críost,**
**ionas nach mbeadh tart ar a mblaisfeadh é a thuilleadh,**
**a Dhia a fuair bás trí Íosa Críost ar an gcrois agus tart air,**
**de bharr nach raibh aon duine ann a chlóifeadh a thart:**
**éist leo siúd a dhéanann fíorfhaoistin,**
**agus bronn maithiúnas orainn chun go mbeimid freagrach san úsáid a bhainimid as an uisce.**
**Cabhraigh linn tuiscint a bheith againn do ghátair ainnise na ndaoine a bhfuil uisce san easnamh orthu,**
**agus eolas a fháil ar conas uisce a chaomhnú le go dtósóidh aibhneacha ag rith do gach aon náisiún agus do gach aon phobal.**
**Áiméan.**

## Léamha ón scrioptúr **Amós 5:24**

**Eoin 4:7-42**

## Pointí seanmóra

Féadfar teacht orthu seo ag: [www.ctbi.org.uk/ctresources](http://www.ctbi.org.uk/ctresources)

## An t-idirghuí

Beidh na nithe seo a leanas de dhíth ort: gloine uisce glan, gloine uisce sáile, buidéal cola, agus gloine folamh. B'fhéidir go bhféadfaí ceol éadrom a chur ar seinnt.

**Ceannaire** Guímis ar son an uilephobail go léir (*tóg an ghloine uisce glan*). A Thiarna, bíodh an gloine seo ina shiombail ar na hacmhainní uisce glan atá ar fáil dúinn. Cabhraigh linn an t-uisce a bronnadh orainn a chosaint, agus úsáid fhreagrach naofa a bhaint as. Go gcuirtear ganntanas in áit na sainte, agus go gcuirtear tiomantas don choigilt in áit nós an chur amú, ar mhaithe le cothromaíocht cheart a chur isteach inár saol.

**Cách** **A fhoinse na beatha, glan saint agus peaca amach as ár saol.**

**Ceannaire** (*tóg an ghloine uisce sáile*) Bíodh an gloine uisce sáile seo ina shiombail ar dheora na ndaoine a bhfuil bagairt ar a saol mar gheall ar a bhfoinse uisce a bheith salannaithe. Tá daoine ann a gcuireann a modhanna maireachtála leis an ardú ar leibhéal na mara; bídís ag sileadh na ndeor la haithreachas. Múin dóibh gnáthmhodhanna maireachtála a chleachtadh, le go mbeidh gnáthchearta maireachtála ag daoine eile.

**Cách** **A Chruthaitheoir na beatha úrnua, athraigh sinn go mbeimid inár dtreoraithe chun na beatha nua.**

**Ceannaire** *(tóg an ghloine cola.)* A Dhia an cheartais, guímid leo siúd atá ag cur in aghaidh na gcorparáidí idirnáisiúnta agus na bpróiseas a dhéanann slad ar ár n-acmhainí nadúrtha, agus a chuireann beo na milliún daoine i mbaol. Cuimhnímid ach go háirithe ar an Plachimada Solidarity Committee, Narmada Bachao Andolan, ar an National Alliance of People's Movement, Tribals, Dalits agus ar bhundúchasaigh ar fud an domhain. Guímid le gach aon eagraíocht a bhfuil baint acu le caomhnú uisce, agus dá chomhartha sin, le tabhartas na beatha. Cabhraigh, treoraigh, agus cothaigh iad ina gcuid iarrachtaí.

**Cách** **A Dhia an cheartais, neartaigh iad siúd a fhéachann le huisce a chaomhnú.**

**Ceannaire** (*tóg an ghloine fholamh.*) A Thiarna, guímid le gach aon phobal a bhfuil baint aige le ceist an cheartais uisce. Tabhair dúinn an atrua le bheith ag siúl taobh leo siúd a bhfuil easnamh uisce orthu. Cabhraigh linn gach aon réamhchlaonadh atá ionainn a chaitheamh uainn, agus líon sinn le fís den dlúthpháirtíocht agus den chuallacht chun go mbeimid ag obair le chéile ar chomhsprioc chaomhnú an uisce a bronnadh ár ar gcine.

**Cách** **A Dhia an cheartais, roinn linn d'fhís.**

**Ceannaire** A Thiarna**,** guímid leis  an eaglais uilíoch, agus leis an misean maille leis an bhfís atá aige. Spreag sinn le bheith ag obair i dtreo an cheartais uisce. Athraigh ár saol ó bhonn chun go mbeimid inár mbealaí chun ceartais  - agus é sin a dhéanamh inár saol laethúil, seachas a bheith díreach ag seanmóireacht mar gheall air. Bíodh bhur n-eaglaisí ina n-eiseamláirí laistigh dár bpobail agus iad ag spáráil uisce leis an mbeatha ina iomláine a chaomhnú. Tarraing eaglaisí le chéile sa tslí is go mbeidh siad ag obair i bpáirt, agus dá bharr, go mbeidh uisce ar fáil dár nglúinse agus do na glúinte atá le teacht.

**Cách** **A Dhia an dóchais, déan uirlisí dóchais dínn.**

**Ceannaire** Offrálaimid na paidreacha seo duit in ainm Chríost, ár Slanaitheoir,

**Cách** **Áiméan.**

**Iomann** **All creatures of our God and King**

A chréatúir go léir, ár Dé, ár Rí
Ardaígí bhur nguth agus canaigí,
molaigí Aililiú Ó,
A bhráthair grian, led' gha óir,
A ghealach siúr, glégheal go leor,
Ó molaigí Ó molaigí
Aililiú, Aililiú, Aililiú

A bhráthair báistí, aer is gaoth
cothaigh gach rud 'tá ar an saol,
molaigí Aililiú Ó,
Áthas 's buíochas le maidin úr,
solas tráthnóna, déan do ghlór,
Ó molaigí, Ó molaigí,
Aililiú, Aililiú, Aililiú

A shiúr an uisce íonúcháin
déan dár dTiarna ceol is dán,
Aililiú, Aililiú,
A bhráthair tine, a thugann teas,
solas oíche, agus breo deas,
O molaigí, Ó molaigí
Aililiú, Aililiú, Aililiú

A mháthair mhór an nádúir mhín,
Caoin a bheannaíonn tú dúinn sa tslí,
Aililiú, Aililiú,
Glóire Dé a bhíonn againne,
trí bhláth, trí thorthaí do chruinne,
O molaigí, Ó molaigí
Aililiú, Aililiú, Aililiú

**Paidir ár dTiarna** (Athléamh)

**Cách** **Ár nDé, athair agus máthair, atá ar neamh,
an té óna dtagann gach rud ar an saol.
Is naofa d'ainm óir tugann tú uisce na beatha do gach dúil bheo.
Go rithe uiscí an cheartais inár measc,
agus go bhfana siad ar an talamh mar atá ar neamh,
Ár ndóthain uisce tabhair dúinn,
agus cabhraigh linn uisce agus acmhainní eile a roinnt leo siúd atá ar fáil bháis le tart.
Agus maith dúinn an mhí-úsáid atá bainte againn as an gcruthú: maith dúinn ár mímhacántacht, ár bhfuarchúis, agus neamhfhreagracht, i leith cheist chaomhnú an uisce.
Agus múin dúinn a chéile a mhaitheamh.**

**Agus ná lig sinn i gcathú, gan luí a bheith againn le hábharachas, saint, agus cumhacht, go háirithe nuair atáimid ag plé le ceist an uisce.**
**Agus saor sinn ó mhodhanna maireachtála santacha,**
**óir tá do bhriathar geall le huisce íonúcháin a ghlanann olc uainn,**
**tá sruth shíoraí na fíréantachta le fáil i do ríocht, ag baint anuas cumhachtaí agus prionsachtaí ó ghinealach go ginealach, ó ghliún go glúin, go deor na ndeor.**
**Áiméan.**

## An bheannacht

**Cách** **A Dhia, a thug ar an mbáisteach uisciú a dhéanamh ar dhromchla an domhain,**
**A Íosa Críost, a thugann uisce na beatha síoraí,**
**A Spiorad Naomh, a chloíonn tart le tabhartas thobar na beatha,**
**spreag sinn chun a bheith inár dtacadóirí leis an gceartas uisce,**
**agus beannaigh dúinn agus sinn ag sruthú cosúil leis an bhfíréantacht a ritheann mar a bheadh uisce,**
**anois, choíche agus go brách.**
**Áiméan.**

### Creidiúint

Is é an Student Christian Movement India (SCMI) a chruthaigh an t-ábhar seo, agus is é an Ecumenical Water Network (EWN) a d'fhoilsigh an chéad uair é. Chuir Comhairle Dhomhanda na nEaglaisí tús leis an EWN: togra atá ann a chabhraíonn le daoine timpeall an domhain le rochtain cheart a fháil ar an uisce.

Tá a thuilleadh eolais faoin EWN ar fáil ag: http://water.oikoumene.org/en/

Íomhánna: lth. 1 United Nations Photo, lth. 8 Gates Foundation

